

13 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT

13.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo ar an bhforbairt a bheartaítear mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) seo, i ndáil le trácht.
- 2 Déantar cur síos sa chaibidil sin ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar threoir. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt.
- 3 Dírítear sa chaibidil seo ar Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA). Tá measúnú ar Limistéar Staidéir na Mí (MSA) i gCaibidil 13, **Imleabhar 3D** den EIS.
- 4 Is i bhfeithiclí den chuid is mó a dhéanfar na hábhair agus an lucht oibre a iompar chuig an suíomh agus amach ón suíomh trí úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin. Dá bharr sin, tiocfaidh ardú sealadach ar an trácht ar bhóithre poiblí sa CMSA agus mar sin is gá tionchar an tráchta sin a bhreithniú.
- 5 Áirítear sa CMSA lena mbaineann an measúnú seo achar níos mó ná lorg an bhonneagair a shonraítear thuas. Áirítear sa CMSA an bonneagar bóithre atá i gcóngarach na forbartha a bheartaítear cheana féin mar aon leis na bealaí tarlaithe i gceantar i bhfad níos leithne, ina mbeidh ábhair á dtabhairt chuig na limistéir oibre. Taispeántar réim an CMSA le haghaidh an mheasúnaithe seo i bhFíor 13.18, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.
- 6 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 6, Caibidil 9, Caibidil 10, Caibidil 11** agus **Caibidil 14** den imleabhar seo den EIS, mar aon le **Caibidil 6** agus **Caibidil 7** d'**Imleabhar 3B** den EIS.

13.2 MODHEOLAÍOCHT

- 7 Ullmhaíodh an chuid seo den EIS de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear ceanglais larscríbhinn VI de Threoir an EIA agus de réir Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) agus comhlíontar ann na riachtanais ábhartha a shonraítear iontu.
- 8 Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar EISanna eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, ó chomhairliúchán réamhiarratais leis an mBord Pleanála (an Bord), agus ar bhreithniú maidir

leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim na forbartha a bheartaítear. Rinneadh athbhreithniú ar na treoircháipéisí agus ar na cáipéisí beartais seo a leanas le linn ullmhú na caibidle seo:

- *Traffic and Transport Assessment Guidelines (Treoirlínte ar Mheasúnú Tráchtta agus Iompair)* de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA) (Bealtaine 2014);
- *Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2013-2019*;
- *Cavan County Development Plan 2014-2020 (Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020)*;
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), *Design Manual for Roads and Bridges: TD 27 – Cross-Sections and Headroom (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 27 – Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn)* (Samhain 2011);
- An NRA, *Design Manual for Roads and Bridges: TD 41-42 – Geometric Design of Major / Minor Priority junctions and Vehicular Access to National Roads (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 41-42 – Dearadh Geoiméadrach ar Acomhail Bheaga/Mhóra Tosaíochta agus Rochtain Feithiclí ar Bhóithre Náisiúnta)* (Samhain 2011); agus
- An NRA, *Project Appraisal Guidelines (Treoirlínte maidir le Meastóireacht ar Thionscadal)* (Eanáir 2011).

9 Measadh gur bhain na saincheisteanna seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord (feic Aguisín 1.3, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS):

- Beidh gá le plean um bainistiú trácht tógála a dhíreoidh mar ba cheart ar oibríochtaí sreangaithe, ar dhúnadh bóithre, ar thrácht a chur ar mhalairt slí agus ar an tionchar a imreofar ar an mbonneagar iarnróid;
- Modhanna rochtana le haghaidh tógáil agus cothabháil leanúnach a shainaithe mar aon leis an gcóireáil ar bhealaí isteach nua leathnaithe le haghaidh tógála; agus
- Trasbhealaí bóithre poiblí a shainaithe agus a mheas, rud a chuireadh an mhodheolaíocht tógála. Ba chóir aird faoi leith a dhíriú ar an ngaol a bheadh ag an bhforbairt le gréasán na bpríomhbhóithre náisiúnta agus na mbóithre den dara grád agus le Cuarbhealach Laighean atá beartaithe, lena n-áirítear saincheisteanna agus scaradh.

- 10 Tionóladh cruinniú leis an mBord i mí na Nollag 2013 chun soiléiriú a dhéanamh ar scóip an phlean um bainistiú trácht tógála dá dtagraítear thuas, agus shoiléirigh an Bord ina dhiaidh nár ghá pleananna mionsonraithe maidir le bainistiú tógála agus trácht tógála a chur isteach ag uair an iarratais pleanála. Plean mionsonraithe um bainistiú trácht tógála lena gcuirtear gach gné den sracphlean um bainistiú trácht tógála san áireamh, déanfar é a fhorbairt tuilleadh sa chás go ndeonófar ceadú i leith na forbartha a bheartaítear. Tá sracphlean um bainistiú trácht tógála san áireamh in Aguisín 7.2, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS. Ina theannta sin, tugtar breacchuntas ar na modhanna tógála a úsáidfeadh i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus cuirtear síos sa chaibidil seo ar bhearta maolaithe a cuireadh san áireamh sa sracphlean um bainistiú trácht tógála agus a bheidh mar chuid den phlean mionsonraithe um bainistiú trácht tógála.
- 11 Ní chruthófar ach sruthanna beaga tráchta i gcéim oibríoch na líne tarchuir toisc nach mbeidh foireann lonnaithe ag na túir. Chruthófar roinnt tráchta le linn cothabháil a dhéanamh ar an líne tharchuir a bheartaítear agus ar na túir, ach is annamh agus is beag a bheidh sé. Dá bhrí sin, níor caitheamh mórán ama le céim oibríoch na líne tarchuir.
- 12 Cruithófar i bhfad níos mó tráchta i gcéim thógála na forbartha, mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, ná mar a chruthófar sa chéim oibríoch, lena n-áirítear feithiclí fada/troma, le linn tréimhse níos lú. Má chuirtear sé seo san áireamh leis an ngréasán bóithre máguaird, atá faoin tuath den chuid is mó, tá gá tionchar an tráchta tógála a bhreithniú. Mar sin féin, mar a phléitear ar ball sa chaibidil seo, ní hé sin le rá go gcruthófar cuid mhór trácht tógála de thoradh thógáil na forbartha a bheartaítear.
- 13 Seo a leanas na foinsí faisnéise a úsáideadh chun an measúnú a dhéanamh ar thionchar an tráchta tógála de chuid na forbartha a bheartaítear:
- Modheolaíocht thógáil an tionscadail;
 - Léarscáiliú na Suirbhéireachta Ordanáis;
 - Grianghrafadóireacht ón aer;
 - Comhairliúchán leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta;
 - Comhairliúchán le Comhairle Chontae an Chabháin; agus
 - Comhairliúchán le Comhairle Contae Mhuineacháin.
- 14 Baineadh úsáid as na foinsí faisnéise thuas, in éineacht le haiseolas a fuarthas le linn teagmhála le húinéirí talún agus le saintuairimí agus tuairimí críonna eile maidir le bonneagar tarchuir a thógáil, chun na háiteanna inar féidir rochtain a fháil ar láithreacha túir agus ar limistéir sreangaithe (limistéir a úsáidtear chun seoltóirí a chur ar na túir) agus na bealaí tarlaithe ar dhócha go mbainfidh an trácht tógála úsáid astu le dul chuig na láithreacha rochtana

- seo, a shainnithint. Bunaithe ar na bealaí tarlaithe sin, rinneadh measúnú cáilíochtúil ar chumas na mbóithre freastal ar na feithiclí, a mbainfear úsáid astu le linn na tógála.
- 15 Baineadh leas as modheolaíocht tógála chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar shaghas na bhfeithiclí (idir éadrom agus trom) a chruthófar de bharr thógáil gach túir aonair agus na bealaí rochtana sealadacha a bhaineann leo chun na láithreacha túir a rochtain. Úsáideadh an fhaisnéis seo ina dhiaidh sin chun meastachán eile a dhéanamh ar an méid trácht a chruthófar ag clós stórála an ábhair tógála, agus ag an rochtain idir an clós sin agus suíomhanna tógála na forbartha líní seo.
- 16 Sainnithníodh na láithreacha inar féidir gach láthair thúir agus limistéar sreangaithe a rochtain ón mbóthar poiblí. Bainfear úsáid as bealaí isteach agus as rianta páirce atá ann cheana féin i gcás na láithreacha seo, más féidir. Taispeántar láithreacha na mbealaí rochtana sealadacha sin i bhFíor 13.14 – Fíor 13.17, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.
- 17 Trí bhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht tógála agus ar an gcéimniú a bheartaítear, ar an áit ina bhfuil na bealaí sealadacha rochtana agus ar na bealaí tarlaithe a aithníodh, a úsáidfear chun na láithreacha sin a rochtain, d'fhéadfaí meastachán a dhéanamh ar an méid trácht tógála a bheidh ar bhóithre aonair sa CMSA. Is féidir feidhm a bhaint as na meastacháin seo chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar bhóithre aonair sa ghréasán bóithre de réir uimhreacha (i.e. líon na bhfeithiclí).
- 18 Bailíodh sonraí trí 'Uatháirimh Thrácht' chun an gnáthmhéid trácht a bhaineann úsáid as na bóithre faoi láthair a fháil amach, trácht ar a mbeidh tionchar ag tógáil na forbartha a bheartaítear (feic Aguisín 13.2, **Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS). Fuarthas méid an tionchair amach tríd an méadú réamh-mheasta ar an trácht a chur i gcomparáid leis an méid trácht cúlra atá ann i láthair na huaire.
- 19 Chomh maith leis an tionchar ar acmhainn trácht agus ar bhail na mbóithre, ba cheart cineálacha tionchair eile a bhaineann le trácht a bhreithniú freisin. Áirítear orthu sin:
- Sábháilteacht ar bhóithre;
 - Truailliú aeir;
 - Torann agus creathadh;
 - Flóra agus fána;
 - Oidhreacht chultúrtha; agus
 - An Tírdhreach.

- 20 Cé is moite de shábháilteacht ar bhóithre, déantar measúnú ar na cineálacha tionchair thuas i gcaibidlí eile den imleabhar seo den EIS i leith an CMSA agus in **Imleabhar 3D** den EIS i leith an MSA. Maidir le sábháilteacht ar bhóithre, fuarthas sonraí i dtaobh thimpistí bóthair i leith na mbóithre a mbeidh tionchar ag an bhforbairt orthu. Fuarthas na sonraí seo ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (www.rsa.ie) d'fhonn tuiscint a fháil ar stair thimpistí bóthair an cheantair.

13.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 21 Cuirtear síos go mion ar an bhforbairt a bheartaítear i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS agus tugtar breac-chuntas ar an modheolaíocht tógála i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS seo. Mar a shonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS, is beag trácht a thioctaidh as céim oibríoch na forbartha; sonrófar an príomhthionchar tráchta i gcéim na tógála.
- 22 Is éard a bheidh i gceist go bunúsach leis an líne lasnairde a bheartaítear ná suíomh tógála fada líneach agus an iomad limistéar scoite ina mbeidh gníomhaíochtaí tógála ar bun. Aistreofar ábhair, pearsanra agus trealamh chuig na suíomhanna seo agus uathu le go mbeifear in ann dul i gceann gníomhaíochtaí tógála.
- 23 Aistreofar na hábhair, an pearsanra agus an trealamh seo ach úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin go príomha. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir.
- 24 In ainneoin mhéid na forbartha a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí, is é sin an méid ama a thógfaidh sé chun túir aonair a thógáil.
- 25 Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse réasúnta gearr. Beartaítear go mbainfear úsáid as clós stórála le haghaidh ábhar tógála, a bheidh suite i mbaile fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, chun ábhair a stóráil lena ndáileadh ar na suíomhanna aonair. Táthar ag súil le níos mó tráchta ag an láthair seo sula dtéann na feithiclí ar fud an ghréasáin bóithre chuig na suíomhanna aonair (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS).

13.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

13.4.1 An Bonneagar Bóithre atá Ann Cheana Féin

- 26 Cuirtear in iúl i bhFíor 13.1 - Fíor 13.4, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS na bóithre a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear orthu.
- 27 Rinneadh suirbhéanna tráchta ar an ngréasán bóithre mórtimpeall d'fhonn sruthanna tráchta cúlra a dhéanamh amach ar na bealaí tarlaithe a mbainfidh an trácht tógála úsáid astu. Ba éard a bhí i gceist leis na háirimh seo ná Uatháirimh Thráchta a bhí i bhfeidhm ar feadh seachtaine. Rinne Nationwide Data Collection Ltd. na suirbhéanna i mí Dheireadh Fómhair 2013 ag 103 láthair. Cuirtear na láithreacha sin in iúl i bhFíor 13.5 - Fíor 13.8, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS. Rinneadh trí áireamh eile i mí Eanáir 2014 in aice leis an mbealach isteach chuig clós stórála le haghaidh ábhar tógála lena n-úsáid in anailís acomhail ag na hacomhail atá gar don bhealach isteach chuig an gclós seo.
- 28 Chomh maith leis na háirimh dá dtagraítear thuas, tógadh roinnt sonraí i dtaobh áireamh tráchta ó shuíomh gréasáin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (www.nra.ie), áit a bhfuil teacht ag an bpobal mór ar shonraí i dtaobh áireamh tráchta.
- 29 Luainíonn sruthanna tráchta go séasúrach, ach is féidir an t-athrú séasúrach seo a dhéanamh amach bunaithe ar shonraí i dtaobh buanáireamh tráchta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (www.nra.ie). Dá bharr sin, bunaithe ar na sruthanna a thomhaistear ag an áiritheoir atá suite ar an N2 ó dheas ó Bhaile Átha Fhirdhia (N02 – 15) in 2010, is airde na sruthanna i mí Dheireadh Fómhair ná na gnáthshruthanna sa chuid eile den bhliain. Chun é seo a chur san áireamh, rinneadh sruthanna bonnlíne a iolrú faoi fhachtóir 0.94. Cé go mbeidh sé seo ina ábhar le laghdú ar na sruthanna tomhaiste, tá na sruthanna níos ísle ina gcás níos measa tráth an méadú faoin gcéad ar shruthanna tráchta mar gheall ar an bhforbairt a bheartaítear a chur i láthair. Sna trí áireamh a rinneadh i mí Eanáir 2014, tagraíodh don áiritheoir céanna sin de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Aimsíodh go raibh na sruthanna 20% níos lú i mí Eanáir. Ós rud é go bhfuil na sruthanna ag na trí acomhal sin á n-úsáid le haghaidh anailíse acomhail, ní mór na sruthanna a mhéadú de réir an chéatadáin sin chun an cás is measa a chur i láthair.
- 30 Má dheonaítear faomhadh pleanála, táthar ag súil leis go gcuirfear tús le tógáil na forbartha iomláine a bheartaítear sa bhliain 2016 agus go mairfidh sí ar feadh thart ar thrí bliana. Ba chóir a chuimhneamh arís nach sonrófár tógáil ag aon chuid den líne a bheartaítear ar feadh tréimhse fhada mar gheall ar nádúr líneach na forbartha a bheartaítear. Cuireadh rátaí fáis leis na sruthanna tráchta cúil chun an méadú a thuarat a thiocthaidh ar thrácht cúil ar an ngréasán bóithre idir an dáta ar a ndearnadh na suirbhéanna agus an dáta a mheastar go gcuirfear tús leis an tógáil, a chur san áireamh. Tógadh na rátaí sin a cuireadh leis na sruthanna tomhaiste

as cáipéis an NRA, Project Appraisal Guidelines (*Treoirínte maidir le Meastóireacht ar Thionscada*), agus seo a leanas iad:

- Áiritheoirí na Mí agus Mhuineacháin – 1.040; agus
- Áiritheoirí an Chabháin – 1.051.

31 Fuarthas na tosca fáis thuas trí úsáid a bhaint as na hardrátaí fáis a bhaineann le gach contae agus léiríonn siad fás dhá bhliain chun na sruthanna tomhaiste a thabhairt go dtí an méid lena bhfuiltear ag súil in 2015. Cé go dtosóidh an tréimhse thógála in 2016 agus go leanfar ar aghaidh leis isteach sa bhliain 2017 agus sa bhliain 2018, níltear cinnte cé na túir a thógfáir gach bliain agus, trí fhigiúirí 2015 a úsáid, sonrófar méadú céatadán níos airde nuair a chuirfear na sruthanna tuartha i gcomparáid leis na sruthanna reatha.

32 Cuirtear sonraí ar fáil i d**Tábla 13.1 – Tábla 13.3** faoi na bóithre, lena n-áirítear sruthanna tráchta laethúla más ann dóibh, a bhféadfadh tionchar a bheith orthu.

Tábla 13.1: Bóithre Náisiúnta a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu

Uimhir an Bhóthair	AADT ³⁸	HGVanna mar % ³⁹
N2	8106	10.1%

Tábla 13.2: Bóithre Réigiúnacha a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
R162	1,593	14.6%
R165	2,807	15.7%
R178	2,367	14.5%
R179	4,050	12.1%
R180	1,623	17.5%
R181	1,214	19.5%
R183	2,841	9.9%
R184	1,185	18.2%

Tábla 13.3: Bóithre Áitiúla a bhFéadfadh Tionchar a Bheith orthu

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
An Seanbhóthar N2	6,786	11.0%
L-3532-0	955	8.7%

³⁸ Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT).

³⁹ Feithiclí Earraí Troma (HGV) mar Chéatadán.

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
L-3533-0	86	8.0%
L-3525-0	292	5.7%
L-7557-0	124	8.7%
L-7555-0	122	8.9%
LT49033	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
LT49032	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
LP04903	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
LS08903	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
LT49051	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-49041	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-8912	80	17.1%
L-4020	210	23.7%
L-8010	99	36.6%
L-8011	179	9.8%
L-40121	47	12.5%
L-40052	71	27.4%
L-40312	22	4.5%
L-4004	112	13.0%
L-4011	91	10.8%
L-4042	459	12.4%
L-4010	78	17.5%
L-40103	8	0
Bóthar nach bhfuil ar eolas (ón R181) L-40441	32	6.3%
L-08201	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-4210	538	8.0%
L-3201	133	11.8%
L-7211	143	6.2%
L-7200	78	8.8%
L-3403	492	8.7%
L-7430	60	3.3%
L-7411	178	11.0%
L-31031	60	3.3%
L-34211	86	9.1%
L-3420	621	23.5%
L-7421	161	13.9%
L-3510	236	10.8%
L-03520	238	14.0%
L-75031	98	20.0%
L7503	65	9.1%

Uimhir an Bhóthair	AADT	HGVanna mar %
L-4700	952	0.8%
L-4700 – Bóthar Ceangail N2	340	2.6%

- 33 Cé gur dócha go mbainfear úsáid as gach bóthar dá dtagraítear i d**Tábla 13.1 – Tábla 13.3** am éigin le linn chéim na tógála, bainfear a laghad úsáide agus is féidir as na bóithre áitiúla toisc go dtabharfar tús áite do na bealaí náisiúnta agus réigiúnacha mar go bhfuil siad ar chaighdeán níos fearr i gcoitinne.
- 34 Is dócha go bhfaighfear ábhair a mbainfear úsáid astu i dtógáil na forbartha a bheartaítear, mar chruach agus coincreít, ó dhéantóirí nach bhfuil lonnaithe go díreach i gcóngarach na forbartha a bheartaítear. Beartaítear go mbeidh clós stórála le haghaidh ábhar tógála suite ar shuíomh soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois agus go rachaidh an trácht tógála ón suíomh sin i dtreo a chinn scríbe.
- 35 Ar fhágáil clós stórála na n-ábhar tógála dóibh, rachaidh feithiclí ar an L4700 agus uaidh sin ar an N2, ag casadh ó thuaidh i dtreo Charraig Mhachaire Rois nó ó dheas i dtreo Bhaile Átha Fhirdhia, ag brath ar cheann scríbe na n-ábhar atá le seachadadh. Ina dhiaidh sin, aistroidh an trácht tógála chuig bóithre náisiúnta agus réigiúnacha de réir mar is gá. Íoslaghdófar an úsáid a bhainfear as bóithre áitiúla a oiread is féidir, go háirithe d'fhonn seachaint nó íoslaghdú a dhéanamh ar theacht ar bhóithre caola, ar infheictheacht nach bhfuil cothabháilte go maith agus ar acmhainní mí-oiriúnacha seasamh meáchain. Sainithníodh bealaí tarlaithe, faoi mar a thaispeántar i bhFíor 13.9 - Fíor 13.13, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS, agus léirítear an cur chuige ordlathach seo.
- 36 Toisc go mbainfear an úsáid is mó as na bóithre náisiúnta agus réigiúnacha le linn na forbartha a bheartaítear, déantar cur síos gairid orthu araon sna hailt seo a leanas.
- 37 Is príomhbhóthar náisiúnta é an N2 a nascann Baile Átha Cliath leis an teorainn le Tuaisceart Éireann i Muineachán. Tá trasghearrthacha éagsúla ar an mbóthar seo – in áiteanna tá débhealach le dhá lána agus in áiteanna eile tá débhealach de chineál 3 agus carrbhealach singil ann. Faightear tuilleadh sonraí ina leith i bhfoilseachán an NRA, *Design Manual for Roads and Bridges: TD 27 – Cross-Sections and Headroom (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid: TD 27 – Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn)*.
- 38 Ceaptar go mbainfear leas as cuid de sheanbhealach an N2, a athshannadh mar bhóthar réigiúnach. Tá leithead carrbhealaigh ag an mbóthar seo atá idir 6 mhéadar agus 7 méadar. Tá an bóthar díreach den chuid is mó agus tá dóthain infheictheachta chun cinn air.

- 39 Is bóthar réigiúnach é an R162 a nascann an Uaimh le Searcóg ag gabháil trí Dhún an Rí. Tá leithead carrbhealaigh de thuairim agus 7 méadar i gceist sa chuid a úsáidfidh an trácht tógála i dtaobh an línebhealaigh a bheartaítear. Den chuid is mó is é 80 km in aghaidh na huaire an luasteorainn ar an mbóthar seo, ach laghdaítear í in áiteanna áirithe. Tá an t-achar infheictheachta chun cinn feadh an bhóthair leormhaith le freastal ar na luasanna seo den chuid is mó.
- 40 Bóthar réigiúnach is ea an R165 a nascann an N2 agus an N3, ag gabháil trí Dhún an Rí agus trí Choill an Chollaigh. Tá leithead measta carrbhealaigh idir 6 mhéadar agus 7 méadar ag an mbóthar seo. Tá an iliomad coradh géar ar an mbóthar seo, a shrianann infheictheacht chun cinn.
- 41 Is bóthar réigiúnach é an R178 a nascann Searcóg le Dún Dealgan. Tá leithead measta carrbhealaigh idir 6 mhéadar agus 7 méadar ag an mbóthar seo. Tá an iliomad corthaí géara ar an bpíosa den bhóthar a úsáidfidh an trácht tógála le haghaidh an línebhealaigh a bheartaítear agus níl fáil ar an achar sonraithe infheictheachta chun cinn le haghaidh na luasteorann seo in áiteanna.
- 42 Bóthar réigiúnach is ea an R179 a nascann Dún an Rí leis an Teorainn ag gabháil trí Charraig Mhachaire Rois. Tá an iliomad corthaí géara ar an bpíosa den bhóthar a úsáidfidh an trácht tógála le haghaidh an línebhealaigh a bheartaítear agus níl fáil ar an achar sonraithe infheictheachta chun cinn le haghaidh na luasteorann seo in áiteanna.
- 43 Is bóthar réigiúnach é an R180 a nascann Baile na Lorgan le Béal Átha Beithe. Tá leithead measta carrbhealaigh idir 6 mhéadar agus 7 méadar ag an mbóthar seo. Tá an chuid den bhóthar seo a gceaptar gur dócha go mbainfidh trácht chéim na tógála leas aisti, díreach den chuid is mó agus tá dóthain infheictheachta chun cinn air.
- 44 Bóthar réigiúnach is ea an R181 a nascann Searcóg leis an Teorainn ag gabháil trí Bhaile na Lorgan. Tá trasghearradh de thuairim is 7 méadar ag an mbóthar seo. Tá an iliomad coradh géar ar an mbóthar seo, a shrianann infheictheacht chun cinn.
- 45 Is bóthar réigiúnach é an R183 a nascann Cluain Eois leis an N2 i ngar do Bhaile na Lorgan. Tá leithead measta carrbhealaigh idir 6 mhéadar agus 7 méadar ag an mbóthar seo. Tá an iliomad corthaí géara ar an bpíosa den bhóthar a úsáidfidh an trácht tógála le haghaidh an línebhealaigh agus níl fáil ar an achar sonraithe infheictheachta chun cinn le haghaidh na luasteorann seo in áiteanna.
- 46 Is bóthar réigiúnach é an R184 a nascann Béal Átha Beithe leis an N2. Tá leithead carrbhealaigh thart ar 6 mhéadar ag an mbóthar seo. Tá an chuid den bhóthar seo a gceaptar

gur dócha go mbainfidh trácht chéim na tógála leas aisti, díreach den chuid is mó agus tá dóthain infheictheachta chun cinn air.

13.4.2 Sábháilteacht ar Bhóithre

47 Cuardaíodh staitisticí timpiste trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Sainaithnítear i d**Tábla 13.4** líon na dtimpistí tromchúiseacha agus marfacha atá taifeadta ar na stráicí den bhóthar (idir 2005 agus 2012) ar dócha go mbainfear úsáid astu le linn chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Is é seo an t-eolas is déanaí atá ar fáil faoi láthair.

Tábla 13.4: Timpistí Bóthair feadh na mBealaí Tarlaithe a Bheartaítear, 2005 - 2012

Uimhir an Bhóthair	Líon na dtimpistí Tromchúiseacha	Líon na dtimpistí Marfacha
R184	0	1
LS07502	0	1
LP03510	1	0
An Seanbhóthar N2	3	0
R183	2	1
R181	5	0
R178	3	0
R179	3	1
R162	2	1
R165	1	0
L-3534-0	1	0
N2	6	7
N52	4	1

13.4.3 Rochtain ar Shuíomhanna

48 Tá 134 túr san iomlán san fhorbairt a bheartaítear sa CMSA agus ní mór rochtain a fháil orthu lena dtógáil. Chomh maith le láithreacha túir, ní mór rochtain a fháil ar limistéir ghaolmhara sreangaithe agus ar limistéir ghinearálta oibre. Teastaíonn 117 bealach isteach sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an líne a bheartaítear a thógáil. Gheofar rochtain i mbunús na gcásanna trí gheataí páirce nó lánaí atá ann cheana féin. Taispeántar láithreacha na mbealaí rochtana sealadacha a bheartaítear i bhFíor 13.14 - Fíor 13.17, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.

49 Beartaítear go mbainfear úsáid as suíomh atá soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois mar chlós stórála le haghaidh ábhar tógála. Tá an clós sin ar an taobh thiar den N2 agus tagtar air ón L4700. Tá an bealach isteach chuig an gclós stórála atá ann faoi láthair suite in aice le

hacomhal ar an ngréasán bóithre poiblí agus tá an léargas uaidh srianta. Beartaítear mar sin bealach isteach nua ón L4700 a thógáil níos faide ó dheas ón gceann atá ann cheana. I suirbhé ar luas ar an L4700, léiríodh go bhfuil luasanna sa 85ú peircintíl ar an mbóthar sin ionann le 70 km/h. Tá spré infheictheachta 160 m ó shlánachar 3 m indéanta ar chlé, agus tá spré infheictheachta 120 m ó shlánachar 3 m indéanta ar dheis.

- 50 Gheobhaidh baill foirne rochtain ar gach láthair shuímh trí chóras roinnte feithiclí atá le cur i bhfeidhm idir an clós stórála sealadach le haghaidh ábhar tógála agus gach láthair shuímh. Ní bheidh cead ag trácht nach mbaineann leis an tógáil páirceáil ag aon láthair shuímh.

13.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

- 51 Mar gheall ar fhad na líne tarchuir, agus iargúlacht na háite ina mbeidh sí i gcomparáid le háiteanna eile, bainfear feidhm as bóithre mar an príomh-mhodh iompair agus an fhorbairt seo a bheartaítear á tógáil. Tá níos mó solúbthachta ag baint le hiompar bóithre ná mar atá le modhanna eile iompair, an t-iamróid mar shampla.
- 52 Beidh gá le feidhm a bhaint as go leor cineálacha éagsúla d'fheithiclí bóithre agus gach túr á thógáil. Ar na feithiclí a mbeidh baint dhíreach acu leis na hoibreacha beidh craein (craenacha), tochtóirí, dumpairí, feithiclí faoi thiomáint ceithre roth, tarracóirí agus leantóirí agus feithiclí seachadta coincréite. Feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** agus den EIS chun sonraí breise a fháil faoi na feithiclí a úsáidfear le linn thógáil na forbartha seo. Beidh feithiclí ann nach mbeidh baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí tógála ach a mbeidh baint acu le céim na tógála; is iad sin na feithiclí a mbeidh feidhm á bhaint ag foireann an tsuímh astu agus iad ag taisteal chun an tsuímh agus ag imeacht uaidh.
- 53 I gcoitinne, is iad na feithiclí bóithre sa liosta thuas amháin a mbainfear feidhm astu le linn chéim na tógála. Beidh gá le crainn a leagan/a theascadh in áiteanna áirithe d'fhonn an líne tarchuir a thógáil nó le conair a chur ar fáil ina mbeidh dóthain réitigh ionas nach gcuirfidh crainn isteach ar an línebhealach. Beidh gá le feithiclí speisialta chun na crainn a leagan (feic **Caibidil 6** den imleabhar seo den EIS).

13.5.1 Déan Faic

- 54 Mura dtógfar an fhorbairt seo a bheartaítear, beidh na dálaí tráchta agus bóthair ar an ngréasán bóithre poiblí mar atá siad faoi láthair ar choinníoll nach sonrúfar imthosca nach bhfuiltear ag súil leo.

13.5.2 Céim na Tógála

13.5.2.1 Cruthú Tráchtá ag Suíomhanna Túir

55 Tá miondealú mionsonraithe ar mhéid an tráchtá a bhfuiltear ag súil leis de bharr thógáil na forbartha le fáil in **Aguisín 13.3, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS. Ullmhaíodh é seo bunaithe ar mhodheolaíocht tógála na dtúr. Déantar achoimre ar an méid tráchtá a mheastar go gcruthófar de bharr gach túr a thógáil, i d**Tábla 13.5** maidir le Feithiclí Éadroma (LV) agus le Feithiclí Earraí Troma (HGV). Glactar leis sa chás is fearr a chuirtear i láthair thíos go bhfágfar ábhair a thochlófar ag suíomhanna túir ar an láthair agus go ndiúscrófar iad taobh istigh den ghabháltas céanna. Glactar leis sa chás is measa nach rabhthas ábalta láthair oiriúnach a aimsiú ar an suíomh agus go dtógfar ábhair thochailte ón suíomh lena ndiúscairt ag áis fheiliúnach.

Tábla 13.5: Cruthú Tráchtá de bharr Suíomhanna Túir

Cineál Túir	Gluaiseachtaí a Chruthófar				Buaicghluaiseachtaí Laethúla a Chruthófar	
	An Cás is Fearr		An Cás is Measa		An Cás is Fearr	An Cás is Measa
	LV	HGV	LV	HGV		
Túr Idirmheánach	108	46	108	56	17	17
Túr Trasuímh ⁴⁰	108	46	108	56	17	17
Túr Uillinne	122	142	122	218	27	46

56 Ullmhaíodh an trácht a mheastar a chruthófar de bharr gach túr a thógáil bunaithe ar na meastacháin a shonraítear thuas agus cuirtear na figiúirí sin i láthair in **Aguisín 13.1, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS.

13.5.2.2 Cruthú Tráchtá ag Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála

57 D'fhéadfadh tógáil an chlóis stórála shealadaigh le haghaidh ábhar tógála trácht a ghiniúint a bhaineann le tógáil an chlóis. Beidh an trácht a mheastar a ghinfear le linn thógáil an chlóis cothrom le 45 gluaiseacht feithicle in aghaidh an lae go dtí an suíomh beartaithe agus as. Meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach dóchúil mar thoradh ar thógáil an chlóis i gcomparáid leis an méid trácht oibríochta le linn thógáil an línebhealaigh a bheartaítear.

⁴⁰ An ghiniúint tráchtá a bhaineann le túr idirmheánach trasuímh a thógáil, meastar go bhfuil sí cosúil leis an nginiúint tráchtá a bhaineann le túr idirmheánach de chiorcad singil a thógáil ó thaobh scála de. Mar sin, is féidir a mheas go mbaineann na luachanna giniúna tráchtá a liostaítear do thúir idirmheánacha le struchtúir de chiorcad singil agus le struchtúir idirmheánacha trasuímh araon.

- 58 Toisc go ndéanfaidh an clós stórála le haghaidh ábhar tógála freastal ar an bhforbairt go léir sa CMSA agus san MSA, beidh cuid mhór tráchtta le sonrú anseo. Ar mhaithe leis an measúnú seo, glactar leis go gcuirfear seacht bhfoireann tógála i mbun oibre ar chodanna éagsúla den scéim iomlán líneach a bheartaítear; trí fhoireann sa Chabhán-Muineachán agus ceithre fhoireann sa Mhí.
- 59 Is éard a bheadh i gceist leis an gcás is measa ó thaobh cruthú tráchtta de ag an gclós stórála ná go mbeadh gach ceann de na seacht bhfoireann ag tógáil túir uillinne ag an am céanna agus go mbeadh gach ceann acu i mbun thógáil na mbunsraitheanna (sonraítear na buaicshruthanna ag túir uillinne le linn bunsraitheanna a dhoirteadh). Cionn is go ndíúscrófaí an t-ábhar tochailte láithreach bonn agus nach gcuirfí chuig an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála iad, d'fhéadfaí figiúirí an cháis is fearr a úsáid agus an cruthú ag an gclós á mheas. Sa chás is fearr, sheachadfadh 189 feithicil mheasta ábhar chuig suíomhanna túir agus bheidís folamh ag imeacht arís. Bheifí ag súil le 189 gluaiseacht bhreise leis an méid riachtanach ábhar a choimeád ag an gclós – bheadh 378 gluaiseacht laethúil ag an gclós stórála le sonrú dá bharr.
- 60 Dá n-úsáidí na bealaí tarlaithe a aithníodh, thaistealódh trí cinn de na foirne tógála ó thuaidh feadh an N2 i dtreo Charraig Mhachaire Rois agus thaistealódh trí cinn ó dheas i dtreo Bhaile Átha Fhirdhia. Thaistealódh cuid den fhoireann atá fágtha ó thuaidh ar an N2 agus thaistealódh an chuid eile ó dheas ar an N2 ag brath ar láthair an tsuímh thógála. Níltear cinnte faoi láthair faoi fhoirse na n-ábhar a sheachadfar chuig an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála. Is dócha go mbeadh éagsúlacht i gceist ag brath ar an ábhar agus ar infhaighteacht an tsoláthair. Ar mhaithe leis an measúnú seo, glactar leis go roinnfear na seachadtaí go cothrom idir an tuaisceart agus an deisceart.
- 61 Casfaidh an trácht a fhágann an clós stórála ar dheis ar an L4700 agus ar dheis arís ag an acomhal idir an L4700 agus an bóthar ceangail. Rachaidh an trácht a fhad leis an N2 agus ar aghaidh leis ansin de réir mar a mhínítear thuas. Mar thoradh air seo, meastar go mbeidh 378 feithicil bhreise ar an L4700 agus ar an mbóthar ceangail (189 ag teacht isteach agus 189 ag imeacht). Sa chás is measa i gcás an N2, chasfadh 108 feithicil ó thuaidh ón mbóthar ceangail ar an N2 agus chasfadh 108 feithicil ó dheas. Mar thoradh ar theacht isteach chuig an suíomh, chasfadh 108 feithicil as an N2 go dtí an bóthar ceangail ón deisceart chomh maith le 108 feithicil ón tuaisceart.

13.5.2.3 Cumhdach

- 62 Beidh cumhdach de dhíth in áiteanna ina dtéann an línebhealach thar bhóithre, thar aibhneacha agus thar línte OHLanna eile. Meastar go mbeidh feithicil nó dhó le feiceáil ag gach ionad cumhdaigh in aghaidh an lae ar feadh cúig lá. Ní mór bóithre a dhúnadh go sealadach nuair a thógfar cumhdach ionas go mbeifear in ann an líontán a chur suas go sábháilte. Déanfar cinneadh maidir leis an tréimhse bheacht a bheidh gach bóthar dúnta ag céim na tógála. Níor

chóir go mbeadh i gceist ach uair an chloig nó dhó i gcás bóithre áitiúla, áfach. Seans go mbeidh sé riachtanach bóithre a dhúnadh ar feadh tréimhse níos faide ag trasbhealaí níos mó. Níor chóir go mbeadh i gceist ach lá amháin ar a mhéad sna cásanna sin, áfach.

13.5.2.4 An Tionchar ar an nGréasán Bóithre

- 63 Bunaithe ar an gcruthú tráchta measta a chuirtear i láthair sna rannáin thuas, taispeántar an méadú faoin gcéad ar an trácht ar na bóithre a úsáidfeadh le linn chéim thógála na forbartha i dTábla 13.6.

Tábla 13.6: An Tionchar ar an nGréasán Bóithre

Uimhir an Bhóthair	AADT	Buaicmhéadú Laethúil		Buaicmhéadú Céatadain	
		An Cás is Fearr	An Cás is Measa	An Cás is Fearr	An Cás is Measa
N2 Taobh ó Thuaidh den Chlós Stórála	8106	432	432	5.3%	5.3%
N2 Taobh ó Dheas den Chlós Stórála	8106	432	432	5.3%	5.3%
R162	1,593	54	92	3.4%	5.8%
R165	2,807	54	92	1.9%	3.3%
R178	2,367	54	92	2.3%	3.9%
R179	4,050	54	92	1.3%	2.3%
R180	1,623	27	46	1.7%	2.8%
R181	1,214	27	46	2.2%	3.8%
R183	2,841	27	46	1.0%	1.6%
R184	1,185	27	46	2.3%	3.9%
An Seanbhóthar N2	6,786	27	46	0.4%	0.7%
L-3532-0	955	17	17	1.7%	1.7%
L-3533-0	86	17	17	19.8%	19.8%
L-3525-0	292	17	17	5.8%	5.8%
L-7557-0	124	27	46	21.8%	37.1%
L-7555-0	122	17	17	13.9%	13.9%
LT49033	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
LT49032	Neamhbhainte ach	17	17	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
LP04903	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
LS08903	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach
LT49051	Neamhbhainte ach	27	46	Neamhbhain teach	Neamhbhain teach

Uimhir an Bóthair	AADT	Buaicmhéadú Laethúil		Buaicmhéadú Céatadáin	
		An Cás is Fearr	An Cás is Measa	An Cás is Fearr	An Cás is Measa
L-49041	Neamhbhainteach	17	17	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-8912	80	17	17	21.3%	21.3%
L-4020	210	27	46	12.9%	21.9%
L-8010	99	27	46	27.3%	46.5%
L-8011	179	27	46	15.1%	25.7%
L-40121	47	23	23	48.9%	48.9%
L-40052	71	27	46	38%	64.8%
L-40312	22	27	46	122.7%	209.1%
L-4004	112	27	46	24.1%	41.1%
L-4011	91	27	46	29.7%	50.5%
L-4042	459	27	46	5.9%	10%
L-4010	78	17	17	21.8%	21.8%
L-40103	8	27	46	337.5%	575%
L-40441	32	17	17	53.1%	53.1%
L-8201	Neamhbhainteach	27	46	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
L-4210	538	27	46	5%	8.6%
L-3201	133	27	46	20.3%	34.6%
L-7211	143	27	46	18.9%	32.2%
L-7200	78	17	17	21.8%	21.8%
L-3403	492	27	46	5.5%	9.3%
L-7430	60	17	17	28.3%	28.3%
L-7411	178	27	46	15.2%	25.8%
L-31031	60	17	17	28.3%	28.3%
L-34211	86	27	46	31.4%	53.5%
L-3420	621	27	46	4.3%	7.4%
L-7421	161	17	17	10.5%	10.5%
L-3510	236	27	46	11.4%	19.5%
L-3520	238	27	46	11.3%	19.3%
L-75031	98	27	46	27.6%	46.9%
L7503	65	27	46	41.5%	70.8%
L-4700	952	378	378	39.7%	39.7%
L-4700 – Bóthar Ceangail N2	340	378	378	111.1%	111.1%

64 Mar a fheictear sa tábla thuas, méadóidh an trácht ar an ngréasán bóithre i rith chéim na tógála. Cé go bhfuil cuid de na méaduithe céatadáin sách ard, is léiriú é seo go ginearálta ar a laghad feithiclí a bhaineann úsáid as na bóithre seo de ghnáth. Ina theannta sin, is léiriú iad na figiúirí

- thuas ar an mbuaicshruth breise feadh gach bóthair. Ní bheadh na buaicshruthanna seo le sonrú ach ar feadh tréimhsí gearra – le linn bunsraitheanna a leagan de ghnáth, oibríocht a thógfaidh thart ar chúig lá. Ó thaobh acmhainne de, beidh an gréasán bóithre in ann ag na sruthanna a thuartar.
- 65 Sonrófar an méadú is suntasaí ar na sruthanna ar an L4700, ar an mbóthar ceangail agus ar an N2. Láthair an chlóis stórála le haghaidh ábhar tógála is údar leis seo. Maidir leis an méadú ar an sruth ar an L4700 agus ar an mbóthar ceangail, is ionann an méadú sin agus timpeall 39.7% agus 111.1% de na sruthanna reatha faoi seach. Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú gurb é seo an cás is measa agus nach dóchúil go sonrófaí méadú den saghas sin i ndáiríre. Ina theannta sin, dá dtiocfadh an cás is measa seo chun cinn, ní bheadh sé le sonrú ach ar feadh tréimhse an-ghearr. Maidir leis an gcuid is mó den tréimhse thógála trí bliana, luaineoidh na sruthanna ag an mbábhún thart ar fhigiúr atá timpeall 50% de na sruthanna a chuirtear i láthair sa chás is measa.
- 66 Mar gheall ar an méid mór sruthanna tráchta a réamh-mheastar ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear, tugadh faoi mheasúnuithe acomhail ag an mbealach isteach a bheartaítear chuig an gclós stórála ón L4700, ag an T-acomhal tosaíochta idir an L4700 agus an bóthar a nascann é leis an N2 agus ag an T-acomhal tosaíochta idir an N2 agus an bóthar a nascann an N2 leis an L4700. Tugadh faoi na measúnuithe acomhail sin trí úsáid a bhaint as ríomhchlár PICADY de chuid an Transport Research Laboratory (TRL). Uirlis é a úsáidtear go forleathan chun anailís a dhéanamh ar acomhail tosaíochta.
- 67 Rinneadh anailís ar fheidhmíocht na n-acomhal sin le haghaidh na mbuaicuaireanta AM agus PM (atá aitheanta mar 8:00-9:00 don AM agus 17:00-18:00 don PM ar an mbóthar ceangail, 08:00-09:00 don AM agus 16:00-17:00 don PM ar an N2 agus 9:00-10:00 don AM agus 15:00-16:00 don PM ar an L4700), trácht a ndearnadh suirbhé air agus an bhliain a mheastar go dtosóidh an tógáil, 2015.
- 68 Seo a leanas na príomhpharaiméadair a ndearnadh scrúdú orthu i dtorthaí na hanailíse acomhail: Luach an Chóimheasa Srutha le Cumas (luach RFC – níor cheart go mbeadh an luach inmhianaithe níos mó ná 0.85 i gcás PICADY – léiríonn luachanna de bhreis ar 1.00 go bhfuil an ghéag isteach os cionn an chumais); uasfhad na scuaine ar aon bhealach isteach chuig an acomhal; agus an mheánmhoill i dtaobh gach feithicle a théann tríd an acomhal le linn na tréimhse samplaí.
- 69 Teastaíonn na sonraí ionchuir a leanas le haghaidh PICADY:
- Bunpharaiméadair shamplacha (áirimh thráchta bhuaicuaire de ghnáth arna sintéisiú thar thréimhse shamplach 90 nóiméad);

- Paraiméadair gheoiméadracha (lena n-áirítear uimhreacha agus leithid lána, infheictheacht, soláthar stórála, etc.); agus
- Sonraí faoi éileamh tráchta (tábla tionscnaimh / ceann scríbe buaicuaire de ghnáth le comhdhéanamh ionchur na bhfeithiclé earraí troma).

70 Is é an meastachán i leith cruthú tráchta a léirítear i **Rannán 13.5.2.2** an meastachán sin a úsáidtear le haghaidh na hanailíse seo. Léiríodh na figiúirí sin mar shruthanna laethúla. Glacadh le lá oibre ocht n-uaire an chloig leis na sruthanna sin a thiontú ina bhfigiúirí in aghaidh na huaire.

71 Léirítear torthaí an anailís PICADY seo i d**Tábla 13.7, Tábla 13.8 agus Tábla 13.9**. Tá na táblaí tionscnaimh / ceann scríbe i leith éileamh tráchta faoi choinne na gcásanna difriúla uile a tástáladh le haghaidh na n-acomhal a ndearnadh anailís orthu le fáil in **Aguisín 13.4** agus in **Aguisín 13.5, Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS.

Tábla 13.7: Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála – Torthaí na hAnailíse Acomhail

Torthaí PICADY: Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála – Buaicuaireanta AM agus PM							
Bliain agus Am	Géag A – L4700 Thuaidh		Géag B – Bábhún		Géag C – L4700 Theas		Meánmhoill (nóiméad/feithicile)
	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	
AM Reatha	-	-	0.000	0.0	0.000	0.0	0.00
PM Reatha	-	-	0.000	0.0	0.000	0.0	0.00
AM 2015	-	-	0.185	0.22	0.000	0.0	0.07
PM 2015	-	-	0.186	0.23	0.000	0.0	0.06

Tábla 13.8: L4700 agus Acomhal an Bhóthair Cheangail – Torthaí na hAnailíse Acomhail

Torthaí PICADY: L4700 agus an Bóthar Ceangail – Buaicuireanta AM agus PM							
Bliain agus Am	Géag A – L4700 Thuaidh		Géag B – Bóthar Ceangail		Géag C – L4700 Theas		Meánmhoill (nóiméad/feithicile)
	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	
AM Reatha	-	-	0.015	0.02	0.018	0.02	0.03
PM Reatha	-	-	0.032	0.03	0.012	0.01	0.03
AM 2015	-	-	0.160	0.19	0.173	0.21	0.13
PM 2015	-	-	0.177	0.21	0.167	0.20	0.12

Tábla 13.9: N2 agus an Bóthar Ceangail – Torthaí na hAnailíse Acomhail

Torthaí PICADY: N2 agus an Bóthar Ceangail – Buaicuireanta AM agus PM							
Bliain agus Am	Géag A – N2 Theas		Géag B – Bóthar Ceangail		Géag C – N2 Thuaidh		Meánmhoill (nóiméad/feithicile)
	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	Luach RFC	Uasfhad na Scuaine	
AM Reatha	-	-	0.024	0.02	0.007	0.01	0.01
PM Reatha	-	-	0.013	0.01	0.011	0.01	0.00
AM 2015	-	-	0.153	0.18	0.083	0.09	0.03
PM 2015	-	-	0.158	0.19	0.093	0.10	0.03

- 72 Faoi mar a thugtar le fios i d**Tábla 13.7**, oibreoidh an bealach isteach chuig an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear faoina acmhainn le linn chéim na tógála.
- 73 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithiclé sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar chosáin, ar thúir, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc. Méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus chaighdeán an aeir (feic **Caibidil 9** agus **Caibidil 10** den imleabhar seo den EIS).

13.5.3 An Chéim Oibríoch

74 Ní chruthófar ach méid fíorbheag tráchta le linn chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear mar nach mbíonn foireann ag na línte leictreachais. Déantar cigireacht bhliantúil ar an líne. Is gnách go ndéantar í seo ón aer, áfach, agus mar sin ní chruthófar trácht ar bith. Déantar cigireacht níos mine gach ocht mbliana ina dtugtar cuairt ar gach túr ar an líne. D'fhonn an chigireacht seo a éascú, rachaidh feithicil nó dhó chuig gach gabháltas feadh an bhealaigh. Ina dhiaidh sin, ní bheidh aon trácht eile le sonrú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ar nós lochta.

13.5.4 Díchoimisiúnú

75 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchar níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

13.6 BEARTA MAOLAITHE

13.6.1 Céim na Tógála

76 Ceanglófar ar an gconraitheoir a cheapfar chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil *Plean mionsonraithe um Bainistiú Trácht Tógála* a ullmhú sula dtosófar ar na hoibríochtaí tógála. Mar atá tugtha faoi deara thuas, tá sracphlean um bainistiú trácht tógála san áireamh in Aguisín 7.2, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS. Cuirtear gach beart maolaithe ábhartha a leagtar amach san EIS san áireamh sa srac-Phlean Bainistíochta Tráchta agus cuirfear san áireamh iad sa Phlean Bainistíochta Tráchta deiridh.

13.6.1.1 Clár Tógála

77 Sula dtosófar ar chéim na tógála, ullmhófar clár tógála ina fhéachfar chun an meánleibhéal tráchta a choinneáil mar atá i rith chéim na tógála agus ardbhuaiceanna a sheachaint a tharlódh, mar shampla, dá mbeadh foirne éagsúla ag tógáil túir uillinne ag an am céanna.

78 Déanfar forbairt ar an gclár tógála i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla chuí. Cuirfear oibreacha féideartha deisiúcháin bóthair atá i sceideal oibreacha bóthair an údaráis áitiúil san áireamh go háirithe. Aidhm mhór sa chlár seo is ea aon oibreacha bóthair an údaráis áitiúil a éascú tar éis don trácht tógála a bheith ar an mbóthar.

13.6.1.2 Monatóireacht ar Bhail an Bhóthair

- 79 D'fhéadfadh gluaiseachtaí tráchta na bhfeithicilí troma agus nádúr na hacmhainne iompair na fadhbanna a leanas a chruthú:
- Cailteanais éalaitheacha ó rothaí, ó leantóirí nó ó chláir dheiridh; agus
 - Limistéir áitiúla teipe ar an bhfoshraith agus ar an dromchla bóthair.
- 80 Déanfar ualaí ábhar a fhágann an suíomh a mheas agus cuirfear clúdach orthu má mheastar gur gá é sin a dhéanamh chun tionchar féideartha deannaigh a laghdú an oiread agus is féidir le linn iompair. Déanfaidh an conraitheoir iompair gach beart réasúnach tráth dramhaíl nó aon ábhar eile a iompar ar dóchúil go mbeidh siad ina mbunús le cailteanais éalaitheacha ó fheithicil le linn iompair chuig suíomh agus amach as suíomh. Déanfar monatóireacht amhairc ar na bóithre atá mar chuid de na bealaí tarlaithe i rith na tréimhse thógála agus cuirfear inneall folúsghlanta suite ar thrucail ar bhóithre feadh an bhealaigh tharlaithe de réir mar is gá.
- 81 I gcomhar leis an údarás áitiúil cuí, déanfar cigireacht agus athbhreithniú breise ar na bóithre atá mar chuid de na bealaí tarlaithe mí amháin roimh céim na tógála d'fhonn bail na mbóithre ag an am sin a thaifeadadh. Déanfar athbhreithniú sa suirbhé seo ar a laghad ar pháosa scannáin a ghlacfar ag an am sin. Deimhneoidh sé seo bail an bhóthair díreach roimh thús na tógála. San áireamh beidh páosa scannáin ar an mbóthar in éadan caitheamh, ar an gcuma agus ar an mbail a bheidh ar chóireálacha teorann agus ar an mbail a bheidh ar aon seirbhísí lasnaide a thrasnófar. Tabharfar faoi chigireachtaí amhairc agus faoi shuirbhéanna grianghraf ar dhroichid agus ar lintéir feadh na mbóithre tarlaithe.
- 82 Tar éis don údarás áitiúil é a iarraidh, déanfar suirbhéanna ar bhail na gcosán freisin feadh na mbóithre atá mar chuid den bhealach tarlaithe. Déanfar bail struchtúrach bhonnlíne na mbóithre faoi shuirbhé díreach roimh an tógáil a thaifeadadh iontu seo.
- 83 Tabharfar aghaidh ar chigireachtaí agus ar mhonatóireacht amhairc leanúnach ar na bóithre tarlaithe i rith na tréimhse thógála lena chinntiú go dtaifeadfar aon damáiste a dhéanfaidh an trácht tógála agus go gcuirfear an t-údarás áitiúil ábhartha ar an eolas faoi. Déanfar socruithe chun aon damáiste den sórt sin a chóiriú go tráthúil de réir caighdeán cuí ionas nach gcuirfear isteach ar rudaí an iomarca.
- 84 Tabharfar faoi na suirbhéanna a rinneadh roimh an tógáil arís tar éis céim na tógála a chur i gcrích. Bainfear sochar as na suirbhéanna roimh an tógáil mar bhonnlíne lena gcur i gcomparáid leis na suirbhéanna sin tar éis na tógála. Cóireofar damáiste a bheidh inchurtha i leith trácht tógála a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear de réir caighdeán cuí.

13.6.1.3 Bóithre a Dhúnadh

- 85 Ní mheastar go mbeidh gá le bóithre a dhúnadh le linn túir a thógáil. Tuigtear go bhfuil cuid de na bóithre a mbainfear úsáid astu le linn na túir a thógáil caol. Go ginearálta, áfach, beidh deiseanna scoite ag feithiclí. Nuair is gá, cuirfear bearta bainistíochta tráchta macasamhail soilse tráchta sealadacha nó fir bhrataí, i bhfeidhm ar na bóithre. Tagann sé seo le gnáthbhainistíocht tráchta dea-chleachtas le linn tionscadal ar bith a thógáil ina bhfuil rochtain bhóithre poiblí riachtanach.
- 86 Ní mór bóithre a dhúnadh go sealadach tráth cumhdach a chur suas agus a bhaint anuas ag trasbhealaí bóthair; is é mótarbhealach an M3 an ceann is suntasaí. Ní dhúnfar na bóithre seo rófhada ar an mórchoir agus comhaontófar na bearta cuí agus am dúnta gach bóthair leis na húdaráis áitiúla agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha eile (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS).

13.6.1.4 Cumarsáid

- 87 Rachfar i mbun dlúthchumarsáide leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus leis an nGarda Síochána i rith chéim na tógála. Áireofar leis seo bearta bainistíochta tráchta a bheartaítear a chur isteach le haghaidh tuairimí agus formheasa, nuashonruithe ar bhail an ghréasáin bóithre agus an scéal is déanaí maidir leis an gclár tógála. Iarrfar faisnéis faoi imeachtaí áitiúla a d'fhéadfadh teacht salach ar bhearta bainistíochta tráchta agus ar thrácht tógála ionas gur féidir bearta malartacha a chur i bhfeidhm chun coimhlíntí den sórt sin a sheachaint.
- 88 Cuirfear an pobal áitiúil ar an eolas faoi bhearta bainistíochta tráchta a bheartaítear sula gcuirfear i ngníomh iad. Déanfar é seo trí fhógráin a chur sna nuachtáin áitiúla agus trí bhileoga a sheachadadh chuig tithe sna ceantair a bheidh buailte. Cuirfear sonraí teagmhála ar fáil ionas gur féidir le cónaitheoirí tuilleadh faisnéise a fháil agus aon eolas breise a thabhairt, mar shampla dátaí imeachtaí áitiúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhearta bainistíochta tráchta a chuirfear i bhfeidhm.

13.6.1.5 Bealaí Isteach chuig Suíomhanna

- 89 De réir Chaibidil 8 de cháipéis na Roinne Comhshaoil, *Traffic Signs Manual (Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta)*, cuirfear comharthaí bóthair in airde chun rabhadh a thabhairt faoi na láithreacha rochtana sealadacha ar shuíomhanna tógála agus le haghaidh oibríochtaí ar bith óna dteastaíonn comharthaí rabhaidh. Cuirfear comharthaíocht in airde seachtain amháin roimh thús na n-oibríochtaí ar an láthair.
- 90 Is ó na gréasáin bhóithre áitiúla a éascófar an chuid is mó de na bealaí isteach chuig suíomhanna a bheartaítear / de na bealaí amach uathu. Chun srianta féideartha maidir le

riachtanais infheictheachta a mhaolú, tá sé beartaithe go mbainfidh an príomhchonraitheoir úsáid as córas sábháilte d'fhir bhrataí bhuana chun trácht a rialú le linn gach oibríochta um dhul isteach / dhul amach ag gach láthair shuímh.

13.6.1.6 Bainistíocht Práinnfhreagartha

- 91 D'ainneoin trácht a bhaineann le tarlú ábhar, is tábhachtach gur féidir le seirbhísí éigeandála teacht go héasca ar aon teach feadh an bhealaigh tharlaithe agus rochtain éigeandála a fháil ar gach suíomh tógála túir agus ar an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála. Tabharfar tús áite do na seirbhísí éigeandála ar an mbealach tarlaithe, isteach chuig na suíomhanna agus amach as na suíomhanna. Tabharfar sonraí teagmhála an phearsanra a bheidh freagrach as trácht tógála a bhainistiú do na seirbhísí éigeandála i gContae Mhuineacháin agus i gContae an Chabháin. Tar éis scéala a fháil faoi theagmhas, cuirfear tiománaithe ar an eolas go bhfuil eachtra tar éis tarlú agus tabharfar na teoracha cuí dóibh.

13.6.2 An Chéim Oibríoch

- 92 Mar gheall ar an méid fíorbheag tráchta a chruthófar le linn céim oibríoch na forbartha a bheartaítear, ní mholtar bearta maolaithe ar bith faoi choinne na céime seo den fhorbairt.

13.7 TIONCHAR IARMHARACH

- 93 De thoradh nádúr sealadach chéim na tógála agus na mbeart maolaithe a mholtar, ní bheidh ach íostionchar iarmharach ag céim thógála na forbartha ar thrácht agus ar iompar.
- 94 Ní bheidh ach íostionchar iarmharach ag céim oibríoch na forbartha toisc nach mbeidh ach trácht an-bheag le sonrú le linn na céime seo den fhorbairt.

13.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

- 95 Chomh maith leis an tionchar ar an ngréasán bóithre, imríonn feithiclí bóthair tionchar ar an gcomhshaol freisin ó thaobh truailliú aeir, cruthú deannaigh, torainn agus creathaidh de. I rith na céime oibríche, is beag tionchair dá shórt a bheidh ann toisc nach mbeidh mórán tráchta ann, ach is suntasaí a bheidh an tionchar sin i rith na céime tógála, bíodh is go mbeidh sé sealadach. Déantar measúnú ar an tionchar sin i gcaibidilí eile den imleabhar seo den EIS seo, mar sin ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 9** agus le **Caibidil 10** san imleabhar seo den EIS.
- 96 Tá sé d'acmhainneacht ag cúrsaí tráchta freisin dul i gcion ar roinnt tosca comhshaoil eile ag brath ar chúinsí éagsúla. Tagann méadú ar na dóchúlacht do dtarlóidh tionchair dá leithéid

nuair a fhágann feithiclí gréasán na mbóithre poiblí. Is iad seo a leanas an tionchar féideartha indéreach a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr cúrsaí tráchta:

- **Caibidil 3** – Daoine – Úsáid Talún agus Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht – De bharr bhalcadh na hithreach mar thoradh ar fheithiclí a bheith á dtiomáint ar thalamh feirme;
- **Caibidil 6** – Flóra agus Fána mar gheall ar bhaint an fhásra ag láithreacha rochtana chun freastal ar rochtain feithiclí ar shuíomhanna tógála;
- **Caibidil 8** - Cáilíocht an uisce de bharr sceití féideartha breosla nó leachta ag dul isteach sa screamhuisce;
- **Caibidil 9** - Torann agus Creathadh - Maidir leis an trácht, bainfidh an tionchar torainn agus creathaidh leis an tionchar ar thrácht ar bhóithre le linn chéim na tógála agus na céime oibríochta araon. Níltear ag tuar go mbeidh aon tionchar suntasach ann a bhaineann le torann agus creathadh.
- **Caibidil 11** - Tionchar ar an tírdhreach de bharr mataí rubair sealadacha nó painéil alúmanaim bhóthair shealadacha a thógáil; agus
- **Caibidil 14** – Oidhreacht Chultúrtha de bharr damáiste féideartha ó chreathadh a thagann chun cinn mar gheall ar fheithiclí troma a bheith ag obair gar do shuíomhanna oidhreachta cultúrtha.

97 Dá bhrí sin, ba cheart an chaibidil seo a léamh freisin i gcomhar le **Caibidil 3, Caibidil 6, Caibidil 7, Caibidil 8, Caibidil 11** agus **Caibidil 14** den imleabhar seo den EIS.

13.9 CONCLÚIDÍ

98 Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach, beidh cuid mhór tráchta ann mar gheall ar chéim thógála na forbartha toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó.

99 A bhuí leis an gcineál forbartha atá ann, beidh roinnt suíomhanna tógála ar leith ann i rith chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Teastaíonn 117 bealach isteach sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an líne a bheartaítear a thógáil.

100 In ainneoin mhéid na forbartha a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht sin

scaipthe amach thar roinnt seachtainí agus is é sin an méid ama a thógfaidh sé chun túir aonair a thógáil. Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse réasúnta gearr.

- 101 Beartaítear go mbainfear úsáid as clós stórála le haghaidh ábhar tógála, a bheidh suite soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, chun ábhair a stóráil lena ndáileadh ar na suíomhanna tógála aonair. Táthar ag súil le níos mó tráchta ag an láthair seo mar go mbeidh feithiclí á gcoinneáil ag an láthair seo sula rachaidh siad ar fud an ghréasáin bóithre chuig na suíomhanna aonair.
- 102 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc., agus méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus chaighdeán an aeir.
- 103 Ullmhófar *Plean um Bainistiú Trácht Tógála* sula dtosaíonn na hoibríochtaí tógála. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim tógála na forbartha a bheartaítear a laghdú an oiread agus is féidir. I gcásanna ina gcuirfeadh i bhfeidhm na bearta maolaithe uile a shonraítear san EIS seo agus atá sa sracphlean um bainistiú trácht tógála, ní bheidh ach an tionchar iarmharach is lú le sonrú de thoradh chéim tógála na forbartha a bheartaítear.